# Cúntóirí Teanga

Tá Muintearas Teo ag cuartú daoine le dul i mbun oibre mar Chúntóirí Teanga sna scoileanna seo a leanas:

- **Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe** (10.5 uair sa tseachtain)
- **Coláiste na Coiribe, Cnoc na Cathrach, Gaillimh** (6 uair sa tseachtain)
- **S.N. Tóin re Gaoith, Acaill, Co. Mhaigh Eo** (4 uair sa tseachtain**)**
- **Scoil Phádraig, Sáile, Acaill, Co. Mhaigh Eo** (4 uair sa tseachtain**)**

Is postanna páirt-aimseartha iad seo, don scoilbhliain 2024 - 2025.

Beidh an Cúntóir Teanga ag obair le:

- daltaí nach í an Ghaeilge a dteanga dúchais;
- daltaí a bhfuil cabhair bhreise ag teastáil uathu i dtaobh na teanga de;
- deiseanna saibhrithe teanga a chur ar fáil do chainteoirí dúchais Gaeilge.

Beidh ar an gCúntóir stór focal, abairtí agus nathanna cainte, cluichí, scéalaíocht, srl a dhéanamh leis na daltaí. Oibríonn an Cúntóir faoi stiúir an Phríomhoide / mhúinteoir ranga agus mar bhall d'fhoireann na scoile.

Tá sé riachtanach go mbeidh dea Ghaeilge ag an té a cheapfar, maraon le cruinneas labhartha agus scríofa. Ba bhuntáiste é cáilíocht i nGaeilge nó i gcúram leanaí, maraon le taithí ar a bheith ag obair le páistí / déagóirí, agus feidhmiú mar bhall d'fhoireann, ag iarrthóirí.

Tuilleadh eolais ar fail ó Mhuintearas. Má tá suim agat sa bpost, seol litir iarratais agus CV chuig:


Máirín NicFhionghuin<br>
Muintearas Teo.<br>
Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe<br>
Teil: 091 379141 R-phost: muintearas@muintearas.com


roimh **5.00i.n. Dé Céadaoin an 11ú Meán Fómhair 2024**.


*Tá an post seo maoinithe ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán.*


*Is fostóir comhdheiseanna é Muintearas Teo.*

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media